# Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm



Coimisiún na hÉireann um Chearta
an Duine agus Comhionannas
Irish Human Rights and Equality Commission

**Arna fhoilsiú den chéad uair i mí an Mhárta 2019**
**Ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas**
**16  22 Sráid na Faiche, Baile Átha Cliath 7, D07 CR20.**

Cóipcheart © Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2019

Bunaíodh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas faoi reacht ar an 1 Samhain 2014 chun cearta an duine agus an comhionannas in Éirinn a chosaint agus a chur chun cinn, chun cultúr measa ar chearta an duine, ar an gcomhionannas agus ar thuiscint idirchultúrtha a chur chun cinn, chun tuiscint agus feasacht ar thábhacht chearta an duine agus an chomhionannais a chur chun cinn, agus chun oibriú i dtreo mí  úsáidí chearta an duine agus idirdhealú a dhíbirt.

ISBN 978  0-9957296  7  4

# Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm

Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014

**Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas**
Irish Human Rights and Equality Commission

# An Clár

An Réamhrá 2

**Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine**

Oibleagáid Reachtúil 5

Céard iad na príomh-oibleagáidí um chearta an duine agus comhionannas a bhíonn ar chomhlachtaí poiblí? 8

An Dualgas agus beartais, straitéisí agus nósanna imeachta poiblí reatha 12

**Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm: cur chuige trí chéim**

**Céim 1: Measúnú** 16

**Céim 2: Aghaidh a thabhairt ar** 21

**Céim 3: Tuairisciú** 24

**Acmhainní Eile** 29

# An Réamhrá

Leagtar oibleagáid reachtúil le Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine ar chomhlachtaí poiblí idirdhealú a dhíbirt, comhionannas deiseanna a chur chun cinn, agus cearta an duine a chosaint, dóibh siúd a gcuireann sé seirbhísí ar fáil dóibh, agus don fhoireann i mbun a n-oibre go laethúil. Déantar gnáthchuid den chaoi a dtugann comhlachtaí poiblí faoina bhfeidhmeanna de chomhionannas agus cearta an duine. Chuige sin, d'fhéadfadh sé athrú dearfach ó bhonn a chur ar an gcaoi a mbíonn comhlachtaí poiblí ag plé leis an bpobal, agus lena bhfoireann féin.

Tá an Dualgas ina chuid de dhlí na hÉireann ó 2014 i leith, agus leagtar amach é in Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Tá sainordú ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas treoir a thabhairt do chomhlachtaí poiblí, agus iad a spreagadh, le beartais agus dea-chleachtas a fhorbairt i leith chearta an duine agus comhionannais.

D'fhorbair an Coimisiún an treoircháipéis seo, *Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm*, chun eolas a thabhairt do chomhlachtaí poiblí faoin Dualgas, agus chun céimeanna praiticiúla chun é a chur i bhfeidhm ina n-eagraíochtaí féin a mholadh. Tá dhá chuid sa treoircháipéis seo: tugtar forléargas ar an Dualgas, agus ar a chomhthéacs, sa chéad chuid. Sa dara cuid, leagtar amach na trí chéim a chaithfidh comhlacht poiblí a dhéanamh chun an Dualgas a chur i bhfeidhm de réir a oibleagáide reachtúla. Sainaithníonn na trí chéim sin na príomhbhearta a d'fhéadfadh eagraíocht a dhéanamh chun measúnú a dhéanamh ar chomhionannas agus cearta an duine i gcomhthéacs a cuspóra agus feidhmeanna féin, aghaidh a thabhairt ar chomhionannas agus cearta an duine, agus tuairisciú orthu.

Is oibleagáid leanúnach ar chomhlachtaí poiblí é an Dualgas, a chaithfear a chuimsiú mar chuid de thimthriall pleanála straitéisí foriomlán na heagraíochta. Iarrtar ar chomhlachtaí poiblí míniú a thabhairt ar a ngníomhartha chun aghaidh a thabhairt ar an tionchar a bhíonn ag a gcuid oibre ar chearta an duine agus comhionannas mar a bhaineann sé leis an bpobal, le daoine a úsáideann a seirbhísí, agus lena bhfoireann, ina dtuarascáil bhliantúil.

Is féidir le cur i bhfeidhm an Dualgais cabhrú le heagraíocht luachanna comhionannais agus chearta an duine a shainmhíniú, agus a léiriú, mar a bhaineann siad lena cuspóir, agus le príomhluachanna na hearnála poiblí. Tá luachanna soiléire comhionannais agus chearta an duine, ar nós neamh-idirdhealú nó dhínit na n-úsáideoirí seirbhíse, in ann comhlachtaí poiblí a spreagadh agus a threorú chun ceisteanna comhionannais agus cheart an duine a bhaineann lena bhfeidhmeanna a mheasúnú agus aghaidh a thabhairt orthu.

Cé go bhfuil cosúlachtaí sa chur chuige a d'fhéadfadh eagraíochtaí a úsáid chun a n-oibleagáid reachtúil a chomhlíonadh, tá gach eagraíocht difriúil. Dá bhrí sin, cuirtear na céimeanna sa treoir seo i láthair ar bhealach a áiríonn solúbthacht agus oiriúnú chun freastal ar riachtanais comhlachtaí poiblí difriúla i réimse leathan earnálacha.

Tá an teagmháil a bhí ag an gCoimisiún le comhlachtaí poiblí go dtí seo tar éis aird a tharraingt ar fhéidearthacht an Dualgais fuinneamh dearfach agus fonn athraithe a chruthú chun soláthar seirbhísí poiblí agus ionaid oibre a fheabhsú, le tairbhí móra dóibh a gcuireann siad seirbhísí ar fáil dóibh, an fhoireann agus do na heagraíochtaí iad féin.

Reáchtáladh sé threoirthionscadal i gcomhar le comhlachtaí poiblí ó earnálacha éagsúla agus chuir obair an Choimisiúin sna treoirthionscadail sin bonn eolais faoin bpróiseas a bhaineann leis an Dualgas a chur i bhfeidhm mar a leagtar amach sa treoir seo. Táthar ag súil go dtabharfaidh an treoir seo creat tosaigh do chomhlachtaí poiblí chun tús a chur lena n-oibleagáid reachtúil maidir le comhionannas agus cearta an duine a chur i bhfeidhm. Tá níos mó eolais faoi na tionscadail sin agus faoin Dualgas a chur i bhfeidhm ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, ihrec.ie.

CUID 1

# Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine



## Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

Ó 2014 i leith, tá Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine ina chuid den chreat reachtach a rialaíonn cearta an duine agus comhionannas in Éirinn. Tugtar forléargas sa chuid seo ar bhunús dlí an Dualgais; comhthéacs níos leithne faoin gcaoi a gcuirtear comhionannas agus cearta an duine i bhfeidhm i ndlí na hÉireann; agus an chaoi a dtagann an Dualgas le beartais reatha sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí.

### Oibleagáid Reachtúil

Leagann Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí poiblí agus iad ag comhlíonadh a bhfeidhmeanna aird a thabhairt ar an ngá atá le:

- idirdhealú a dhíbirt;
- comhionannas i ndeiseanna a bhfoirne agus na ndaoine a gcuireann siad seirbhísí ar fáil dóibh agus sa chaoi a gcaitear leo a chur chun cinn; agus
- cearta daonna a bhfoirne agus na ndaoine a gcuireann siad seirbhísí ar fáil dóibh a chosaint.

Cuireann Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine comhionannas agus cearta an duine ag croí an chaoi a gcomhlíonann comhlacht poiblí a chuspóir agus a gcuireann sé a phlean straitéiseach i bhfeidhm.

Ceanglaítear in Acht 2014 ar chomhlacht poiblí, agus aird ar a fheidhmeanna, a chuspóir, a mhéid agus na hacmhainní atá ar fáil dó:

1. **Measúnú** - go leagfaí amach measúnú ina Phlean Straitéiseach ar cheisteanna chearta an duine agus comhionannais a chreideann sé atá ábhartha d'fheidhmeanna agus do chuspóir an chomhlachta;
2. **Aghaidh a thabhairt ar** - go leagfaí amach ina Phlean Straitéiseach na beartais, na pleananna agus na gníomhartha atá i bhfeidhm nó a bheartaítear a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna sin;
3. **Tuairisciú** - go dtuairisceofaí ar fhorbairtí agus éachtaí ina thuarascáil bhliantúil.

De bharr na hoibleagáide chun an Dualgas a chomhtháthú i bplean straitéiseach agus tuarascáil bhliantúil comhlachta phoiblí, is próiseas leanúnach é ceisteanna comhionannais agus chearta an duine a mheasúnú agus aghaidh a thabhairt orthu, próiseas a chaithfear a athbhreithniú agus a fhorbairt de réir timthriallta pleanála straitéisí.

#### Ról an Choimisiúin: treoir agus forfheidhmiú

Is féidir le Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas treoir a thabhairt do chomhlachtaí poiblí, agus iad a spreagadh, le beartais agus dea-chleachtas a fhorbairt i leith chearta an duine agus comhionannais.

Má mheasann an Coimisiún go bhfuil fianaise ann gur theip ar chomhlacht poiblí a fheidhmeanna a chomhlíonadh de réir Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine féadfaidh sé iarraidh ar chomhlacht poiblí tabhairt faoi athbhreithniú, nó plean gníomhaíochta a ullmhú agus a chur i bhfeidhm maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna,

nó an dá rud a dhéanamh. D'fhéadfaí go ndíreofaí san athbhreithniú nó sa phlean gníomhaíochta ar chomhionannas deiseanna agus cearta an duine go ginearálta, nó ar ghné áirithe de chearta an duine nó idirdhealú sa chomhlacht, nó an dá rud.

### Céard is comhlacht poiblí ann?

Áirítear leis an sainmhíniú ar chomhlacht poiblí chun críche an Dualgais:

- Roinn Stáit
- údarás áitiúil
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- ollscoil nó institiúid teicneolaíochta
- bord oideachais agus oiliúna
- duine, comhlacht nó eagras ar bith eile arna bhunú faoi reacht, nó faoi scéim ar bith a riarann Aire Rialtais, gan Óglaigh na hÉireann san áireamh
- comhlacht arna mhaoiniú go hiomlán nó go páirteach ag Aire Rialtais nó thar ceann Aire Rialtais, de bhun cumhachtaí a thugtar le haon achtachán eile nó faoi aon achtachán eile
- comhlacht a bhfuil na scaireanna móraimh i seilbh Aire Rialtais nó thar ceann Aire Rialtais

Ina theannta sin, féadfaidh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais duine, comhlacht, eagras nó grúpa ar bith eile arna mhaoiniú go hiomlán nó go páirteach as airgead arna soláthar ag an Oireachtas, a fhorordú mar chomhlacht poiblí, i ndiaidh comhairliúchán le Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas.



## Aistriúchán ar Alt 42, an tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014

(1) Le linn do chomhlacht poiblí a fheidhmeanna a chomhlíonadh, beidh aird aige ar an ngá atá leis na nithe seo a leanas—

(a) idirdhealú a dhíbirt,

(b) comhionannas i ndeiseanna a fhoirne agus na ndaoine a gcuireann sé seirbhísí ar fáil dóibh agus sa chaoi a gcaitear leo a chur chun cinn, agus

(c) cearta daonna a chomhaltaí, a fhoirne agus na ndaoine a gcuireann sé seirbhísí ar fáil dóibh a chosaint.

(2) Chun éifeacht a thabhairt d'fho-alt (1), agus aird ar fheidhmeanna agus ar chuspóir an chomhlachta agus ar a mhéid agus na hacmhainní atá ar fáil dó, déanfaidh comhlacht poiblí—

(a) a leagan amach ina phlean straitéiseach (cibé tuairisc atá air), ar bhealach ina mbeidh teacht ag an bpobal air, measúnú ar cheisteanna chearta an duine agus comhionannais a chreideann sé atá ábhartha d'fheidhmeanna agus do chuspóir an chomhlachta, agus na beartais, na pleananna agus na gníomhartha atá i bhfeidhm nó a bheartaítear a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna sin, agus

(b) tuairisciú ar bhealach ina mbeidh teacht ag an bpobal air ar fhorbairtí agus éachtaí ina leith sin ina thuarascáil bhliantúil (cibé tuairisc atá air).

(3) Agus é ag cabhrú le comhlachtaí poiblí a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh ar bhealach a thagann le fo-alt (1), is féidir leis an gCoimisiún treoir a thabhairt do chomhlachtaí poiblí, agus iad a spreagadh, le beartais dea-chleachtais agus caighdeáin oibríochtaí i leith chearta an duine agus comhionannais a fhorbairt, agus a chur i bhfeidhm.

(4) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (3), féadfaidh an Coimisiún— (a) treoirlínte a eisiúint, nó (b) cóid cleachtais a ullmhú de réir alt 31, i leith fhorbairt bearta feidhmíochta, caighdeáin oibríochta agus straitéisí coisctheacha scríofa na gcomhlachtaí poiblí chun críocha idirdhealú a laghdú agus cearta an duine agus comhionannas a chur chun cinn i láthair oibre na hearnála poiblí agus i soláthar seirbhísí don phobal.

(5) Má mheasann an Coimisiún go bhfuil fianaise ann gur theip ar chomhlacht poiblí a fheidhmeanna a chomhlíonadh ar bhealach a thagann le fo-alt (1) agus bhfuil sé cuí sna cúinsí ar fad sin a dhéanamh, féadfaidh an Coimisiún iarraidh ar chomhlacht poiblí— (a) tabhairt faoi athbhreithniú ar chomhlíonadh a fheidhmeanna ag an gcomhlacht sin agus aird ar fho-alt (1), nó (b) plean gníomhaíochta a ullmhú agus a chur i bhfeidhm maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna ag an gcomhlacht sin agus aird ar fho-alt (1), nó an dá rud a dhéanamh.

(6) D'fhéadfadh go mbeadh baint ag athbhreithniú nó plean gníomhaíochta faoi fho-alt (5) le— (a) comhionannas deiseanna nó cearta an duine go ginearálta, nó (b) gné shonrach de chearta an duine nó d'idirdhealú, sa chomhlacht poiblí lena mbaineann.

(7) Féadfaidh an Coimisiún, agus, má iarrann an tAire air amhlaidh, déanfaidh sé, athbhreithniú a dhéanamh ar oibríocht fho-alt (1).

(8) Chun críocha cabhrú leis athbhreithniú a dhéanamh faoi fho-alt (7), rachaidh an tÚdarás i gcomhairle le cibé daoine nó comhlachtaí a mheasfaidh sé is cuí.

(9) Nuair a thugann an Coimisiún faoi athbhreithniú faoi fho-alt (7)— (a) féadfaidh sé, nó (b) má d'iarr an tAire don athbhreithniú, déanfaidh sé, an t-athbhreithniú a thuairisciú don Aire agus áireofar na moltaí a chreideann an Coimisiún atá cuí in aon tuairisc dá leithéid.

(10) Cuirfidh an Coimisiún faoi ndear cóip den tuairisc a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

(11) Ní fheidhmeoidh aon ní sa chuid seo aisti féin chun cúis aicsin a thabhairt ar dhuine ar bith in aghaidh comhlacht poiblí i leith chomhlíonadh a fheidhmeanna ag an gcomhlacht sin faoi fho-alt (1).

## Céard iad na príomh-oibleagáidí um chearta an duine agus comhionannas a bhíonn ar chomhlachtaí poiblí?

Is foráil reachtúil é Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine, a éilíonn ar chomhlachtaí poiblí gníomhú chun comhionannas a chur chun cinn, cearta an duine a chosaint agus idirdhealú a dhíbirt i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna.

In Alt 29 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, sainmhínítear cearta an duine, chun críocha an Dualgais, mar chearta agus saoirsí daoine aonair a chosnaítear le Bunreacht na hÉireann; leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, 2003; agus le forálacha i gconarthaí idirnáisiúnta eile dár tugadh "feidhm dlí" in Éirinn.

Eascraíonn cearta comhionannais as an mBunreacht agus dlí idirnáisiúnta, agus tagann go leor de chosaintí comhionannais agus neamh-idirdhealaithe an Stáit ó dhlí an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear Cairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha agus Treoracha an Aontais Eorpaigh maidir le Comhionannas atá mar bhonn agus taca ag reachtaíocht chomhionannais na hÉireann.

### An Bunreacht

Leagtar amach cearta bunúsacha in Airteagail 38–44 i mBunreacht na hÉireann, amhail an ceart chun trialach cothroime, an ceart chun beatha, an ceart chun comhionannais i láthair an dlí, an ceart chun deimhní is tuairimí a nochtadh gan bac, an ceart chun teacht ar tionól agus chun comhlachais agus cumainn a bhunú, agus cosaint an teaghlaigh. Ina theannta sin, léirmhínigh na Cúirteanna an Bunreacht agus dhearbhaigh go bhfuil cearta áirithe daonna eile ann – ar a dtugtar cearta neamhluaite – lena n-áirítear an ceart chun iomláine coirp, an ceart chun slí bheatha a thuilleamh agus an ceart chun príobháideachais.

### An Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine

Ionchorpraíonn *an tAcht fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, 2003* (Acht CECD) forálacha an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine i ndlí intíre, agus dá bharr sin is féidir iad a bhreithniú i gCúirteanna na hÉireann. Éilítear faoi Acht CECD freisin go gcomhlíonfadh gach orgán de chuid an Stáit, ar nós Ranna Rialtais agus Údaráis Áitiúla, a bhfeidhmeanna ar shlí atá ar comhréir le hoibleagáidí an Stáit faoi fhorálacha an Choinbhinsiúin.

Baineann Airteagal 1 den Choinbhinsiún leis an oibleagáid chun cearta an duine a urramú; éilíonn sé sin ar gach páirtí sa Choinbhinsiún a chinntiú go bhfuil na cearta agus na saoirsí a luaitear sa Choinbhinsiún ag gach duine ina ndlínse. Áirítear leis na cearta a leagtar amach sa Choinbhinsiún:

- Ceart chun beatha;
- Toirmeasc ar chéastóireacht;
- Toirmeasc ar an sclábhaíocht agus ar shaothar éignithe;
- An ceart chun saoirse agus slándála;
- An ceart chun triail chóir a fháil;
- An ceart chun nach ndéanfar duine a thriail gan dlí;
- Meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh;
- Saoirse smaoinimh, coinsiasa agus reiligiúin;

- Saoirse chun tuairimí a nochtadh;
- Saoirse comhthionóil agus comhlachais;
- An ceart chun pósadh;
- An ceart chun leigheas éifeachtach a fháil os comhair údarás náisiúnta;
- Toirmeasc ar idirdhealú nuair atá na cearta agus na saoirsí a leagtar amach sa Choinbhinsiún á bhfáil.

Cuireadh leis na cearta a leagtar amach sa Choinbhinsiún le prótacail a chosnaíonn cearta breise, amhail an ceart chun maoine phríobháideach, an ceart chun oideachais, saoirse gluaiseachta agus an ceart chun toghcháin shaora.

### Conarthaí Idirnáisiúnta Chearta an Duine

Tá roinnt conarthaí nó coinbhinsiúin idirnáisiúnta chearta an duine daingnithe ag Éirinn. Tá oibleagáid uirthi faoin dlí idirnáisiúnta a chinntiú – trína dlíthe agus beartais – go n-urramaítear na cearta a leagtar amach sna conarthaí sin sa Stát. Déanann comhlachtaí monatóireachta conartha na Náisiún Aontaithe imscrúdú ar dhul chun cinn na hÉireann i ndáil leis na cearta sin ó am go chéile. Sainaithníonn na 'Breathnuithe Deiridh' ó na himscrúduithe sin cúiseanna imní sonracha faoi chearta an duine a gcaithfear dul i ngleic leo. Is féidir le daoine aonair gearáin a chur os comhair an chomhlachta Conartha ábhartha i gcás cuid de na conarthaí.

Chun go mbeadh 'feidhm dlí' leo sa Stát – .i. chun go mbeidís infhorfheidhmithe le dlí trí na cúirteanna intíre – caithfear cearta conartha a ionchorprú trí Achtanna an Oireachtais, nó i gcásanna áirithe, trí leasuithe ar an mBunreacht. Mar shampla, tugann an tAcht um Cheartas Coiriúil (Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh Céastóireachta), 2000 éifeacht d'fhorálacha áirithe i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pionóis eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach.

Tá na 'bunchonarthaí' seo a leanas de chuid na Náisiún Aontaithe a bhaineann le cearta an duine daingnithe ag Éirinn:

- An Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla
- An Cúnant Idirnáisiúnta maidir le Cearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha
- An Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe Chiníoch a Dhíothú
- An Coinbhinsiún maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú
- An Coinbhinsiún in aghaidh Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pionóis eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach
- An Coinbhinsiún um Chearta an Linbh
- An Coinbhinsiún ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas

### Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh

Tá 54 Airteagal i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ar réimse cearta agus saoirsí sibhialta, polaitiúla agus sóisialta faoi shé theideal: Dínit, Saoirsí, Comhionannas, Dlúthpháirtíocht, Cearta na Saoránach agus Ceartas. Mar shampla, baineann Teideal III de Chearta na Cairte le comhionannas, agus cosnaítear na cearta seo a leanas in Airteagail 20–26:

- comhionannas os comhair an dlí;
- neamh-idirdhealú;
- éagsúlacht chultúrtha, reiligiúnach agus teanga;
- comhionannas idir mná agus fir;
- cearta an linbh;
- cearta daoine scothaosta;
- daoine faoi mhíchumas a lánpháirtiú.

Bhí an Chairt ina ceangal de réir an dlí ar an Aontas Eorpach ó tháinig Conradh Liospóin i bhfeidhm i mí na Nollag 2009. Dírítear forálacha na Cairte chuig institiúidí an Aontais Eorpaigh, agus dírítear freisin iad chuig na Ballstáit nuair atá siad ag cur dlí an Aontais i bhfeidhm.

### Treoracha an Aontais Eorpaigh maidir le Comhionannas

Is iad príomh-Threoracha an Aontais Eorpaigh maidir le Comhionannas:

- An Treoir Athmhúnlaithe maidir le Comhionannas Inscne (2006), a chuimsíonn cóir chomhionann idir fir agus mná maidir le fostaíocht;
- An Treoir maidir le cóir chomhionann idir fir agus mná maidir le rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus maidir le soláthar earraí agus seirbhísí (2004), a phléann le cóir chomhionann idir fir agus mná maidir le soláthar earraí, seirbhísí agus saoráidí;
- An Treoir maidir le Comhionannas Ciníocha (2000), a chuireann cosc ar idirdhealú ar bhonn bunús ciníoch nó eitneach duine i réimsí fostaíochta, oideachais, slándála sóisialaí, cúram sláinte agus rochtain ar earraí agus seirbhísí; agus
- An Treoir maidir le Comhionannas Fostaíochta (2000), a thoirmeascann idirdhealú i bhfostaíocht ar bhonn creideamh reiligiúnach, aoise, míchumais agus gnéaschlaonta.

Áirítear sa chreat comhionannais níos leithne san Aontas Eorpa réimse treoracha eile ar nós na Treorach maidir le Saoire Mháithreachais agus Thuismitheora agus na Treorach maidir le Toircheas.

## Dlí Comhionannais na hÉireann

Reachtaítear Treoracha an Aontais Eorpaigh maidir le Comhionannas i ndlí na hÉireann go príomha faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2015 agus na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000–2015.

Toirmeascann na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2015 idirdhealú, ciapadh agus gnéaschiapadh i bhfostaíocht, lena n-áirítear gairmoiliúint agus taithí oibre faoi chonradh fostaíochta. Is iad na naoi bhforas chosanta faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, míchumas, aois, cine, reiligiún, agus duine den Lucht Siúil.

Toirmeascann na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000–2015 idirdhealú, ciapadh agus gnéaschiapadh i rochtain ar earraí agus seirbhísí, cóiríocht agus oideachas agus ina n-úsáid. Is ionann na naoi bhforas chosanta faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta agus faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann: inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, míchumas, aois, cine, reiligiún agus duine den Lucht Siúil. Ach cosnaíonn na hAchtanna um Stádas Comhionann daoine freisin a fhaigheann forlíonadh cíosa, íocaíochtaí cúnamh tithíochta nó íocaíochtaí leasa shóisialaigh eile ar idirdhealú nuair atá siad ag fáil cóiríochta nó seirbhísí nó conláiste eile lena mbaineann.

Éilíonn na hAchtanna um Stádas Comhionann agus na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta ar fhostóirí agus soláthraithe seirbhísí tabhairt faoi bhearta réasúnta do dhaoine atá faoi mhíchumas, agus ligeann siad do chóir fhabhrach nó d'idirdhealú dearfach a bhfuil d'aidhm leo, de mheon macánta, comhionannas deiseanna a chur chun cinn do dhaoine faoi mhíbhuntáiste faoi na forais nó chun freastal ar riachtanais speisialta daoine nó catagóir daoine a dteastódh saoráidí, socruithe, seirbhísí nó cúnamh uathu mar gheall ar a gcúinsí pearsanta.

Tá achoimre níos mionsonraithe ar na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta agus na hAchtanna um Stádas Comhionann ar **leathanach 31**.

## An Dualgas agus beartais, straitéisí agus nósanna imeachta poiblí reatha

Is oibleagáid reachtúil é an Dualgas a chuireann le beartais, straitéisí agus nósanna imeachta poiblí reatha, mar a bhaineann siad le cearta an duine agus comhionannas.

### Ceangaltais i mbeartais náisiúnta

Léirigh an Stát tiomantas cheana féin do dhul chun cinn a bhaint amach i réimsí chearta an duine agus comhionannais trí phleananna agus straitéisí náisiúnta éagsúla. Áirítear ina measc siúd:

- *The Migrant Integration Strategy: A Blueprint for the Future*
- An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais, 2017–2021
- Straitéis Náisiúnta na mBan agus na gCailíní 2017–2020
- An Straitéis nua Náisiúnta maidir le Cuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach, 2017–2021
- An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta, 2018–2021
- An Tionscnamh Seirbhísí ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí

Sa chás go bhfuil comhlacht nó comhlachtaí poiblí freagrach as na ceangaltais sna pleananna agus straitéisí sin, cuireann cur i bhfeidhm an Dualgais creat soiléir ar fáil chun gníomhartha a chur chun cinn.

### Nósanna imeachta reatha chun tionchar na mbeartas náisiúnta a mheasúnú

Tá cur i bhfeidhm an Dualgais ag teacht go soiléir le tiomantas an Rialtais go bhforbrófaí an próiseas díonta buiséad agus beartas mar bhealach chun bochtaineacht a laghdú agus cearta geilleagracha agus sóisialta a neartú, mar a leagtar amach sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta, 2016. Ag eascairt as an tiomantas sin, tá próiseas díonta comhionannais á fhorbairt faoi láthair.

Ina theannta sin, tagann sé le creataí ar nós Nósanna Imeachta na Comh-aireachta le haghaidh Meamraim Rialtais, Measúnú ar Thionchar Rialála agus Measúnú Tionchair Shóisialta. Éilíonn nósanna imeachta na Comh-aireachta go leagfaí amach sna Meamraim le haghaidh Cinnidh a chuirtear faoi bhráid an Rialtais tionchar an togra ar ghrúpaí ar nós ban agus fear, daoine atá faoi mhíchumas, agus daoine atá i mbaol bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta. Cuireann Measúnuithe ar Thionchar Rialála bonn eolais faoi Mheamraim don Rialtas faoi na héifeachtaí dóchúla a bheidh ag rialachán nua nó athrú rialála. Déantar machnamh i Measúnuithe Tionchair Shóisialta ar thionchar an chaiteachais phoiblí ar theaghlaigh faighteora, ag díriú ar scéimeanna agus cláir caiteachais a bhfuil cuspóirí socheacnamaíocha soiléire acu.

### Athchóiriú na hearnála poiblí

Cuireann cur i bhfeidhm an Dualgais creat úsáideach ar fáil chun tacú le cuspóirí athchóirithe na hearnála poiblí. Tá athchóiriú na hearnála poiblí bunaithe ar thrí cholún a leagtar amach in *Ár Seirbhís Phoiblí 2020*: 'Dea-Thorthaí a Sholáthar dár bPobal', a dhíríonn ar thorthaí don phobal; 'Nuáil dár dTodhchaí', a chuireann cultúr meastóireachta chun cinn; agus 'Ár bhFoireann agus ár nEagraíochtaí a Fhorbairt', a chuimsíonn gníomhartha a dhíríonn ar rannpháirtíocht fostaithe, cultúr agus luachanna na seirbhíse poiblí, agus comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú.


Tacaíonn measúnú ar cheisteanna comhionannais agus chearta an duine le comhlacht poiblí chun beartais, nósanna imeachta agus cleachtais soláthair seirbhísí agus ionad oibre a shainaithint a chaithfear a athrú i gcúinsí áirithe le haghaidh daoine nó grúpaí daoine a d'fhéadfadh a bheith faoi mhíbhuntáiste sa tsochaí, nó chun freastal ar a riachtanais ar leith. Cabhraíonn cur i bhfeidhm an Dualgais freisin le heagraíocht caighdeán atá dírithe ar an lucht úsáidte a chruthú le haghaidh beartais, nósanna imeachta agus cleachtais eagraíochtúla i bpríomhfheidhmeanna na heagraíochta, agus spreagann sé úsáid na meastóireachta chun torthaí don lucht úsáidte sin a mheasúnú.



CUID 2

# Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm: cur chuige trí chéim

## Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm: cur chuige trí chéim



## CÉIM 1 **MEASÚNÚ**

# Ceisteanna comhionannais agus chearta an duine atá ábhartha do chuspóir agus feidhmeanna eagraíochta a shainaithint

## Cuspóir

Is é cuspóir Chéim 1 tabhairt faoi mheasúnú chun príomhcheisteanna comhionannais agus chearta an duine a shainaithint do dhaoine a gcuireann eagraíocht seirbhísí ar fáil dóibh agus dá foireann.

## Tionchar

Nuair a thugtar faoi mheasúnú bunaithe ar fhianaise ar cheisteanna comhionannais agus chearta an duine atá ábhartha dá cuspóir agus feidhmeanna, cabhraítear le heagraíocht bunús a shainaithint ónar féidir machnamh a dhéanamh ar an gcaoi le hidirdhealú a dhíbirt agus cearta an duine a chosaint.

Tugtar bunús freisin ónar féidir machnamh a dhéanamh ar an gcaoi le comhionannas deiseanna a sholáthar do ghrúpaí ilghnéitheacha i soláthar seirbhísí agus san ionad oibre.

Ag tarraingt ar an bhfianaise atá ar fáil, lena n-áirítear eolas agus taithí fhoireann na heagraíochta agus na ndaoine a gcuireann sí seirbhísí ar fáil dóibh, cuireann an measúnú bonn eolais faoin timthriall straitéiseach pleanála, cur i bhfeidhm agus meastóireachta.

## Gníomhú

### Céimeanna chun tabhairt faoi Mheasúnú ar Chearta an Duine agus Comhionannas

Déantar machnamh ar thrí céim nuair atáthar ag tabhairt faoi Mheasúnú ar Chearta an Duine agus Comhionannas. Leagtar iad sin amach thíos. Baineann an measúnú leis na struchtúir agus na tionscnaimh atá i bhfeidhm chun tacú le cearta an duine agus comhionannas a shainaithint. Baineann sé freisin le ceisteanna a shainaithint agus na réimsí ina dteastaíonn gníomhartha a chur in ord tosaíochta.

### A. Cé na ceisteanna féideartha a bhaineann le cearta an duine agus comhionannas a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu nó machnamh a dhéanamh orthu?

Nuair atá tionchar comhionannais agus ceart daonna a fheidhmeanna á mheasúnú, ba cheart do chomhlacht poiblí machnamh a dhéanamh ar an méid seo a leanas:

- Cén reachtaíocht chomhionannais agus cheart daonna is ábhartha d'fheidhmeanna agus do chuspóir na heagraíochta? Ná déantar dearmad go mbaineann Dualgas na hEarnála Poiblí leis an bhfoireann agus leo siúd a úsáideann na seirbhísí. D'fhéadfadh sé cabhrú cuimhneamh ar an gceist seo thar ghníomhaíochtaí gnó na heagraíochta, .i.:
  - Pleanáil eagrúcháin/Seirbhísí corparáideacha – freagracht as pleanáil straitéiseach, leithdháileadh buiséid, fáil, maoiniú deontais, srl.
  - Acmhainní daonna – mar shampla, baineann sé seo le hearcaíocht, beartais agus cleachtais acmhainní daonna, agus feasacht agus tógáil cumais na foirne.
  - Soláthar seirbhíse – mar shampla, baineann sé seo go díreach le seirbhís a sholáthar nó plé le príomhpháirtithe leasmhara, an pobal nó grúpa sonrach daoine a bhaineann le cuspóir eagraíochta.
  - Feidhm taighde agus beartais – d'fhéadfadh go bhfuil feidhm shonrach taighde ag roinnt eagraíochtaí. Ag brath ar an gcineál eagraíochta atá i gceist, d'fhéadfadh go mbainfeadh beartas le ceapadh beartais nó le bonn eolais a chur faoi bheartas.
- Cén chaoi a dtomhaiseann an eagraíocht a tionchar? An áirítear tionchar ar aon cheann de na grúpaí a chosnaítear faoi na hAchtanna Comhionannais a thomhas? An áirítear tionchar socheacnamaíoch a thomhas ar chor ar bith?[1]
- Céard atá ar eolas ag an eagraíocht faoi na daoine a úsáideann a seirbhísí, agus tagairt shonrach do na naoi bhforas chosanta a chuimsítear sna hAchtanna Comhionannais? D'fhéadfadh go gcuirfeadh bailiú sonraí, nó comhairliúchán, nó iad araon, bonn eolais faoi seo.
- An bhfuil ról ag an eagraíocht i gcur i bhfeidhm pleananna nó straitéisí náisiúnta a bhfuil d'aidhm leo cur le comhionannas nó cearta an duine in Éirinn? Tá liosta samplach de na straitéisí sin i gCuid 1.
- An bhfuil ról ag an eagraíocht i réimsí beartais a d'aithin na Náisiúin Aontaithe ina mbreathnuithe deiridh ar an gcaoi a bhfuil ag éirí le hÉirinn faoi na conarthaí idirnáisiúnta a shínigh sí?[2]

1 Cé nach bhfuil stádas socheacnamaíochta ar cheann de na naoi bhforas chosanta sna hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta faoi láthair, éilítear sa Lámhleabhar Comh-aireachta go n-áireofaí i ngach togra beartais suntasach machnamh ar na héifeachtaí dóchúla ar dhaoine i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, agus go léireofaí na gníomhartha a theastaíonn chun cur i gcoinne drochthionchair.

2 Féach ar an nasc chuig *UN Treaty Bodies' Concluding Observations on Ireland* sa liosta acmhainní ag deireadh na treoircháipéise seo.

**FOINSÍ ÚSÁIDEACHA FAISNÉISE EILE A CHUIRFEADH BONN EOLAIS FAOI MHEASÚNÚ BUNAITHE AR FHIANAISE:**

- Comhairliúchán le foireann agus/nó úsáideoirí seirbhíse: tá níos mó faisnéise faoi chomhairliúchán a reáchtáil faoi **Chéim 3**.
- Tá raon foilseachán ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas a phléann ceisteanna comhionannais agus chearta an duine thar réimse téamaí.
- Tugann sonraí ón Lár-Oifig Staidreamh faisnéis áisiúil faoi chás grúpaí difriúla daoine agus maidir le ceantair shonracha.
- Cuireann an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) raon taighde agus tuarascálacha i dtoll a chéile chun bonn eolais a chur faoi dhéanamh beartas in Éirinn, agus tugann go leor díobh léargas agus anailís ar cheisteanna a bhaineann le comhionannas agus cearta an duine.
- Foilsíonn an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre cinntí cásanna a tógadh faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2015 agus na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000–2015.
- Cuireann eagraíochtaí na sochaí sibhialta tuarascálacha i dtoll a chéile a thugann léargas agus anailís thábhachtach a bhaineann le cás, aitheantas agus taithí ghrúpaí difriúla na sochaí.

Ina theannta sin, d'fhéadfadh ceisteanna a aimsítear trí fhoinsí inmheánacha eile tionchar a imirt ar chomhionannas agus cearta an duine – mar shampla, meastóireachtaí eagraíochta, suirbhéanna foirne agus custaiméirí, clár bainistíochta riosca agus gearáin a fuarthas, taighde agus tuarascálacha coimisiúnaithe eile, agus ó rannpháirtíocht i dtionscnaimh ilghníomhaireachta ar nós na bPleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail.

*An measúnú tosaigh a threorú*

D'fhéadfadh an machnamh tosaigh ar cheisteanna díriú ar obair eagraíochta sna ranna nó foirne ar fad. Nó, ag brath ar mhéid agus ar chineál na heagraíochta, d'fhéadfadh go mb'fhearr tosú ar dtús trí dhíriú ar théama a bhaineann le príomhréimse oibre nó grúpa sonrach daoine. Is féidir tógáil ar an bhfoghlaim ansin agus í a chur i bhfeidhm ar réimsí eile oibre nó grúpaí eile daoine.

D'fhéadfadh an machnamh seo a leanas cabhrú lena chinntiú go mbíonn comhionannas agus cearta an duine i gcroí an phlé i gcónaí:

- Coinnigh an bhéim ar dhaoine faoi na naoi bhforas sa reachtaíocht chomhionannais agus ar an tionchar féideartha orthu siúd atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta.
- Cuimhnigh nach ionann comhionannas i gcónaí agus caitheamh mar an gcéanna le gach duine. D'fhéadfadh daoine áirithe nó grúpaí áirithe daoine a bheith i mbaol idirdhealú níos mó nó i mbaol níos mó go sárófaí a gceart daonna. Nuair a chinntítear comhionannas deiseanna, d'fhéadfaí go bhfreastalófaí ar riachtanais shonracha daoine nó grúpaí daoine atá faoi mhíbhuntáiste sa tsochaí.
- Cuimhnigh gur bunchaighdeáin iad cearta an duine a bhaineann le cách agus go n-áirítear leo cearta sóisialta, geilleagracha agus cultúrtha chomh maith le cearta sibhialta agus polaitiúla.

## CREAT LUACHANNA A BHUNÚ

Is féidir le cur i bhfeidhm an Dualgais cabhrú le heagraíocht luachanna comhionannais agus chearta an duine a shainmhíniú, agus a léiriú, mar a bhaineann siad lena cuspóir, agus le príomhluachanna na hearnála poiblí. Is féidir le luachanna soiléire comhionannais agus chearta an duine creat úsáideach a sholáthar freisin atá eagraíocht in ann a chur i bhfeidhm nuair atá a tosaíochtaí, cinntí buiséid, córais eagraíochtúla, an chaoi a dtugtar faoin obair agus a bpléitear leo siúd a úsáideann a seirbhísí, leithdháileadh róil agus freagrachtaí foirne agus cleachtais foirne á mbunú.

### B. Cé na struchtúir agus na tionscnaimh atá i bhfeidhm cheana féin chun tacú le cearta an duine agus comhionannas?

Tá struchtúir (m.sh. coistí agus róil foirne) ag comhlachtaí poiblí cheana féin, chomh maith le tionscnaimh (m.sh. beartais, pleananna nó straitéisí náisiúnta, gníomhaíochtaí agus cleachtais), a thacaíonn leo cearta an duine a chosaint agus comhionannas don fhoireann agus dóibh siúd a úsáideann a seirbhísí a chur chun cinn. D'fhéadfadh gur bunaíodh iad go sonrach chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna chearta an duine agus comhionannais nó b'fhéidir go gcuimsítear béim ar chearta an duine agus comhionannas iontu.

Mar shampla, tá beartas Comhionannais agus Éagsúlachta, beartas Dínite ag an Obair, Cairt Seirbhísí do Chustaiméirí agus sásra gearán i bhfeidhm ag go leor comhlachtaí poiblí. Faoin Acht um Míchumas, 2005, éilítear ar chomhlachtaí poiblí cuimhneamh ar inrochtaine do dhaoine atá faoi mhíchumas. Éilítear ar chomhlachtaí poiblí freisin Oifigeach Rochtana a cheapadh agus tá Oifigeach Comhionannais ceaptha ag roinnt comhlachtaí poiblí.

D'fhéadfadh go bhfuil struchtúr i bhfeidhm ag comhlacht freisin chun a ról i gcur i bhfeidhm plean nó straitéise náisiúnta, a bhfuil d'aidhm leis cearta an duine nó comhionannas a fheabhsú, a éascú.

Áirítear leis na príomhcheisteanna ar cheart machnamh a dhéanamh orthu:

- Cé na struchtúir shonracha (m.sh. coistí agus róil foirne) agus tionscnaimh shonracha (m.sh. beartais, pleananna, gníomhaíochtaí agus cleachtais) atá i bhfeidhm cheana féin chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna chearta an duine agus comhionannais?
- Cén fhianaise atá ar fáil trí na struchtúir sin chun a léiriú chomh maith is atá ag éirí leis an eagraíocht idirdhealú a dhíbirt, comhionannas a chur chun cinn agus cearta an duine a chosaint?
- Cé na struchtúir agus na tionscnaimh eile atá i bhfeidhm chun tacú le cearta an duine agus comhionannas?
- An bhfuil sraith luachanna comhaontaithe eagraíochtúla ag an eagraíocht cheana féin a stiúrann a cuid oibre agus foirne?

Nuair a shainaithnítear struchtúir agus tionscnaimh atá ann cheana féin, tuigeann comhlachtaí poiblí an chaoi a bhfuil siad ag tabhairt aghaidh ar cheisteanna chearta an duine agus comhionannais cheana féin, agus tugtar na hiarrachtaí ar fad atá ar bun le chéile faoi chreat ceart daonna agus comhionannais amháin. Ina theannta sin, nuair a dhéantar measúnú ar an ngníomhaíocht atá ar bun faoi láthair i gcomparáid le reachtaíocht, beartais agus struchtúir reatha, bíonn eagraíocht in ann réimsí gníomhaíochta a gcaithfear tús áite a thabhairt dóibh a shainaithint.

### C. Cé na ceisteanna a bhaineann le cearta an duine agus comhionannas a gcaithfear tús áite a thabhairt dóibh?

A luaithe is a sainaithnítear ceisteanna nó bearnaí féideartha i ndul i ngleic le cearta an duine agus comhionannas, caithfear réimsí gníomhaíochta a chur in ord tosaíochta.

Nuair atá na ceisteanna nó bearnaí á gcíoradh, tá sé tábhachtach go ndéanfaí machnamh ar an méid seo a leanas:

- Cén fáth ar sainaithníodh go mbaineann an cheist nó an bhearna sin le cearta an duine agus/nó comhionannas?
- Cén chaoi a raibh a fhios agaibh gur ceist nó bearna a bhí ann?
- Cé na foinsí faisnéise a úsáideadh chun an cheist nó an bhearna a shainaithint?
- Cé na réimsí a dtabharfaí tús áit dóibh?
- An dteastaíonn tuilleadh faisnéise nó grinnscrúdaithe chun a chinnte go n-úsáidtear cur chuige bunaithe ar fhianaise chun ceisteanna a chur in ord tosaíochta?

Nuair a shainaithnítear foinsí soiléire faisnéise chun bonn eolais a chur faoi ghrinnscrúdú ceisteanna nó bearnaí, cinntítear cur chuige bunaithe ar fhianaise chun ceisteanna a chur in ord tosaíochta. Is féidir le cur chuige bunaithe ar fhianaise leas a bhaint as bailiú faisnéise agus anailís sonraí, comhairliúchán agus scagadh. Ach tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhféadfaí bailiú faisnéise agus anailís sonraí, comhairliúchán agus scagadh a shainaithint freisin mar ghníomhartha chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna sonracha.

Is oibleagáid leanúnach é Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine, a gcaithfear tabhairt faoi go leanúnach agus machnamh rialta a dhéanamh air, nuair atá pleananna straitéiseacha á bhforbairt san áireamh. Ach de bharr raon na bhfeidhmeanna a bhíonn ag comhlacht poiblí, d'fhéadfadh go mbeadh gá le tús áite a thabhairt ar dtús do na feidhmeanna is *ábhartha* chun cearta an duine a chosaint agus comhionannas a chur chun cinn. I measúnuithe níos deireanaí agus amach anseo, d'fhéadfaí machnamh a dhéanamh ar fheidhmeanna eile.

CÉIM 2 **AGHAIDH A THABHAIRT AR**

# Gníomhartha a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna comhionannais agus chearta an duine

## Cuspóir

Is é cuspóir Chéim 2 gníomhartha a aontú agus a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna comhionannais agus chearta an duine a sainaithníodh mar chuid den mheasúnú.

Éilítear ar eagraíocht tús áite a thabhairt do ghníomhartha chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna comhionannais agus chearta an duine a sainaithníodh agus próisis eagraíochtúla a chur ar bun chun gníomhartha chearta an duine agus comhionannais a chur i bhfeidhm.

## Tionchar

Is é an cuspóir atá le haghaidh a thabhairt ar thionchar chearta an duine agus comhionannais a bhíonn ag feidhmeanna eagraíochta ná chun idirdhealú a chosc; comhionannas i ndeiseanna agus sa chaoi a gcaitear leis an bhfoireann agus leo siúd a úsáideann a seirbhísí a chur chun cinn; agus cearta daonna na foirne agus iad siúd a úsáideann na seirbhísí a chosaint.

Nuair a thugtar aghaidh orthu sin, cabhraítear le heagraíocht torthaí a fheabhsú don fhoireann trí chur go dearfach le sásamh agus meanma na foirne. Nuair a thugtar aghaidh ar cheisteanna comhionannais agus chearta an duine, is féidir bonn eolais a chur freisin faoi dhearadh agus soláthar seirbhísí, agus inrochtaine agus cuntasacht na seirbhísí sin a fheabhsú.

Ar deireadh, nuair a thugtar aghaidh ar cheisteanna comhionannais agus chearta an duine, is féidir athrú cultúrtha a spreagadh in eagraíocht agus cabhraítear le tosaíochtaí, nósanna imeachta agus cleachtas eagraíochta a shainiú.

## Gníomhú

### Gníomhartha tosaíochta a aontú chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna comhionannais agus chearta an duine

A luaithe is a sainaithnítear ceisteanna comhionannais agus chearta an duine, tá gá le machnamh a dhéanamh ar na gníomhartha a theastaíonn chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna agus na gníomhartha a chur in ord tosaíochta. Tá sé tábhachtach go gcuimseofaí na gníomhartha aontaithe i bplean straitéiseach agus clár oibre bliantúil eagraíochta. D'fhéadfadh go mbeadh gá le buiséad a leithdháileadh agus róil foirne agus réimsí freagrachta a shainaithint go soiléir i ranna nó foirne sonracha le haghaidh na ngníomhartha sin.

Nuair atá gníomhartha á gcur in ord tosaíochta, tá sé tábhachtach a aithint go bhfuil measúnú ar cheisteanna comhionannais agus chearta an duine ina chuid de phróiseas pleanála straitéisí a mbreathnófar arís air agus a fhorbrófar sa chomhthéacs sin. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh go mbeadh baint ag roinnt gníomhartha le timthriall pleanála straitéisí sonrach agus d'fhéadfaí gníomhartha eile a chur i bhfeidhm de réir a chéile.

Tá sé úsáideach meascán de ghníomhartha gearrthéarmacha agus fadtéarmacha a shainaithint. Is dócha gur tháinig gníomhartha nua chun cinn i rith an phróisis measúnaithe. D'fhéadfadh gníomhartha eile beartais, pleananna agus dea-chleachtas atá i bhfeidhm cheana féin a fheabhsú. D'fhéadfadh gníomhartha díriú ar bhealaí nua oibre a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go gcuirtear comhionannas agus cearta an duine san áireamh go leanúnach i mbeartais agus i gcleachtas eagraíochta. D'fhéadfaidís leas a bhaint freisin as gníomhaíochtaí a bhíonn seasta ag tógáil feasachta agus cumas foirne maidir le comhionannas agus cearta an duine nó gníomhaíochtaí chun ceist a scrúdú tuilleadh.

Nuair atá gníomhartha á n-aontú, tá sé tábhachtach ceangaltais ábhartha atá i bhfeidhm cheana féin agus a gcaithfidh an eagraíocht aghaidh a thabhairt orthu a chur san áireamh, ar nós na gceisteanna a sainaithníodh i bpleananna nó straitéisí eile, agus/nó gníomhartha ag eascairt as breathnuithe deiridh chomhlachtaí conartha na Náisiún Aontaithe.

### An struchtúr cur i bhfeidhm is iomchuí chun an Dualgas a spreagadh a chinneadh

Caithfear an Dualgas a chur i bhfeidhm ar bhealach comhardaithe agus é leabaithe sna próisis pleanála ar fad san eagraíocht. Teastaíonn ceannaireacht na hardbhainistíochta dó seo i dteannta rannpháirtíocht na foirne ag a bhfuil eolas agus saineolas thar fheidhmeanna, róil agus leibhéil eagraíochtúla dhifriúla na heagraíochta.

D'fhéadfadh go mbeadh struchtúir agus samplaí dea-chleachtais i bhfeidhm ag eagraíocht cheana féin a d'fhéadfaí a úsáid chun an Dualgas a chur i bhfeidhm. Áirítear le cuir chuige fhéideartha freagracht as an Dualgas a chuimsiú i struchtúir traseagraíochta atá ann cheana féin, ar nós na foirne ardbhainistíochta, fóraim ina bhfuil cinn ranna, nó struchtúir atá freagrach as réimsí ar nós pleanáil ghnó nó bainistíocht riosca. Nó d'fhéadfadh go mbainfeadh sé le hobair coiste a fhorbairt, ar nós an choiste comhionannais nó an choiste éagsúlachta. In eagraíochtaí níos mó, d'fhéadfaí cuimhneamh ar aonad sonrach a bhunú chun tacú leis an gcur i bhfeidhm.

### Machnamh ar chumas na foirne

Nuair a fhorbraítear cumas na foirne maidir le comhionannas agus cearta an duine, cabhraítear le heagraíocht deacrachtaí do dhaoine a úsáideann seirbhísí na heagraíochta agus dá foireann a chosc agus freagairt do dheacrachtaí. Chomh maith le feasacht ghinearálta a chruthú ar fud na heagraíochtaí faoi na hoibleagáidí atá ar chomhlachtaí poiblí mar gheall ar an Dualgas, d'fhéadfadh go mbeadh gá le hoiliúint shonrach maidir leis an Dualgas le haghaidh:

- an fhoireann tosaigh a phléann leo siúd a úsáideann na seirbhísí;
- an fhoireann atá freagrach as cur i bhfeidhm an Dualgais a chomhordú nó a spreagadh;
- an fhoireann ar a sannfaí freagracht as sonraí a bhailiú agus a léirmhíniú mar a bhaineann siad le comhionannas agus cearta an duine.

## An Dualgas a chomhtháthú sa timthriall pleanála straitéisí

Ceanglaítear ar eagraíocht faoi Alt 42(2)(a) den Acht fán gCoimisiún, 2014 go leagfaí amach ina plean straitéiseach measúnú ar cheisteanna chearta an duine agus comhionannais a chreideann sí atá ábhartha d'fheidhmeanna agus do chuspóir an chomhlachta, agus na beartais, na pleananna agus na gníomhartha atá i bhfeidhm nó a bheartaítear a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna sin.

Chun an ceanglas sin a chomhlíonadh, moltar go gcomhtháthódh eagraíochtaí a measúnú ar a n-oibleagáidí leanúnacha faoin Dualgas, agus aon phleanáil don chur i bhfeidhm a eascraíonn as an measúnú sin, ina bpróiseas pleanála straitéisí.

De bharr an cheanglais leanúnaigh in Acht 2014 go dtuairisceofaí ar fhorbairtí agus éachtaí i nDualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a bhaint amach, moltar sásra athbhreithnithe a fhorbairt chun dul chun cinn a mheasúnú i gcomparáid le gníomhartha sainráite na heagraíochta.

Má thugann comhlacht poiblí faoi chomhairliúchán le páirtithe leasmhara seachtracha agus/nó leis an bhfoireann mar chuid den phróiseas pleanála straitéisí, tá deis ann freisin comhairliúchán sonrach a dhéanamh faoi oibleagáidí an chomhlachta sin faoin Dualgas. Is féidir leis sin bonn eolais a chur faoin mbonn fianaise chun tabhairt faoi mheasúnú tosaigh. Tá tuilleadh eolais faoi chomhairliúchán maidir leis an Dualgas i g**Céim 3**.

## Rannpháirtíocht i gcuir chuige idirghníomhaireachta agus bonn eolais a chur faoi fhorbairt beartais

D'fhéadfadh an measúnú ceisteanna comhionannais agus chearta an duine a shainaithint do dhaoine a gcuireann eagraíocht seirbhísí ar fáil dóibh agus dá foireann, nach féidir leis an eagraíocht aghaidh a thabhairt go díreach orthu i gcomhthéacs a cuspóra agus sainordaithe. Ach d'fhéadfadh go mbeadh deis ag eagraíocht na ceisteanna a tharraingt anuas agus tacú leo chun aghaidh a thabhairt orthu i gcomhthéacs idirghníomhaireachta. D'fhéadfadh go mbeadh deiseanna ann freisin na ceisteanna sin a tharraingt anuas ar leibhéal beartais ag féachaint le bonn eolais a chur faoi bheartas náisiúnta agus forbairt reachtaíochta. Nuair a bhaintear leas as cur chuige ionchuimsitheach bunaithe ar fhianaise chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna, neartaítear deiseanna chun cabhrú le heagraíocht sin a dhéanamh go héifeachtach.

CÉIM 3 **TUAIRISCIÚ**

# Tuairisciú ar bhealach ina mbeidh teacht ag an bpobal air ar fhorbairtí agus éachtaí a eascraíonn as cur i bhfeidhm an Dualgais.

## Cuspóir

Is é cuspóir Chéim 3 athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le ceisteanna comhionannais agus chearta an duine atá ábhartha do chuspóir agus feidhmeanna eagraíochta agus an dul chun cinn sin a chur in iúl.

## Tionchar

Nuair a thuairiscítear ar fhorbairtí agus éachtaí ar bhealach ina mbeidh teacht ag an bpobal air, tarraingítear aird shoiléir ar na tairbhí a bhaineann leis an Dualgas a chur i bhfeidhm dóibh siúd a bhaineann leas as beartas, dóibh siúd a gcuireann eagraíocht seirbhísí ar fáil dóibh agus d'fhoireann na heagraíochta. Cuireann sé freisin le clú dearfach na heagraíochta i measc an phobail, i measc príomhpháirtithe leasmhara, ina measc siúd a gcuireann sí seirbhísí ar fáil dóibh, agus i measc a foirne. Ina theannta sin, cabhraíonn sé le heagraíocht tuairisciú ar chur i bhfeidhm a plean straitéisigh agus le bonn eolais a chur faoi phleananna straitéiseacha amach anseo.

## Gníomhú

### Athbhreithniú agus monatóireacht

Cinnteoidh bailiú sonraí, spriocanna a shainítear go soiléir, táscairí agus freagrachtaí, nuair is iomchuí, go ndéanfar monatóireacht agus tuairisciú éifeachtach ar chearta an duine agus comhionannas. Áireofar éachtaí agus céimeanna ar tugadh fúthu mar chuid de na pleananna gníomhaíochtaí le haghaidh chearta an duine agus comhionannais i dtuarascálacha bliantúla, dá bhrí sin tá sé tábhachtach go bhfuil uirlisí ag eagraíocht chun monatóireacht a dhéanamh ar thorthaí mar chuid de chur i bhfeidhm na ngníomhartha tosaíochta. Mar shampla, d'fhéadfadh eagraíocht táscairí chearta an duine agus comhionannais a úsáid ina monatóireacht ar fhostaíocht agus soláthar seirbhíse.

Nuair atá athbhreithniú agus monatóireacht ar bun ar dhul chun cinn maidir le comhionannas agus cearta an duine, d'fhéadfadh eagraíocht machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna a sainaithníodh agus ar an gcaoi ar tugadh aghaidh orthu i réimsí tábhachtacha a bhaineann le pleanáil eagraíochtúil; fostaíocht; soláthar seirbhísí; beartas taighde; agus feidhmeanna fála agus bronnta deontas.

Cabhraíonn sé díriú ar thorthaí, ag cuimhneamh ar thionchar na ngníomhartha ar ghrúpaí difriúla daoine a gcuireann eagraíocht seirbhísí ar fáil dóibh agus ar a foireann.

I measc na dtorthaí sin, d'fhéadfaí cuimhneamh ar aghaidh a thabhairt ar chonstaicí ar theacht ar sheirbhísí eagraíochta agus páirt a ghlacadh san ionad oibre. D'fhéadfadh go mbeadh baint freisin ag torthaí leis an gcaoi a gcaitear le daoine, feabhsú ar sholáthar seirbhísí agus taithí dhearfach ar an ionad oibre a aithníonn éagsúlacht agus a fhreastalaíonn ar éagsúlacht agus riachtanais shonracha. I gcúinsí ina gcaithfear aghaidh a thabhairt ar cheisteanna fós, d'fhéadfadh go mbeadh ar eagraíocht pleananna atá i bhfeidhm chun sin a dhéanamh agus na torthaí measta a chur in iúl.

Cabhraíonn athbhreithniú agus monatóireacht ar dhul chun cinn maidir le comhionannas agus cearta an duine le heagraíocht léargas a thabhairt ar an gcaoi a gcuireann sí luachanna comhionannais agus chearta an duine i bhfeidhm ar bhealach bríoch ina hobair laethúil. Cabhraíonn sé freisin le heagraíocht léargas a thabhairt ar an gcaoi ar chuir sí a plean straitéiseach i bhfeidhm agus tugann sé deis d'eagraíocht cur lena héachtaí, bearnaí a shainaithint agus bonn eolais a chur faoi phleananna straitéiseacha amach anseo.

D'fhéadfaí a áireamh le foinsí faisnéise chun bonn eolais a chur faoi athbhreithniú ar ghníomhartha: suirbhéanna foirne agus/nó orthu siúd a úsáideann seirbhísí; anailís chainníochtúil ar ghearáin nó sásraí aiseolais eile; nó anailís cháilíochtúil ar lucht úsáidte seirbhísí faoi na naoi bhforas a chuimsítear sna hAchtanna um Stádas Comhionann.

### CUR CHUIGE BUNAITHE AR FHIANAISE: SONRAÍ A BHAILIÚ

Cinnteoidh bailiú sonraí, spriocanna a shainítear go soiléir, táscairí agus freagrachtaí, nuair is iomchuí, go ndéanfar monatóireacht agus tuairisciú éifeachtach ar chearta an duine agus comhionannas.

Nuair atá tuilleadh faisnéise á bailiú chun an bhaint atá ag cearta an duine nó comhionannas le feidhm nó réimse a chinneadh, tá sé tábhachtach go soiléireofaí:

- An fáth a dteastaíonn an fhaisnéis;
- Go bhfuil an fhaisnéis ábhartha agus go n-úsáidfear í;
- An bhfuil an fhaisnéis ar fáil cheana féin ó fhoinsí eile, mar shampla go hinmheánach nó trí fhoinsí seachtracha ar nós sonraí náisiúnta;
- Chomh héasca nó chomh deacair is a bheidh sé an fhaisnéis a chur i dtoll a chéile;
- Go mbeidh sonraí íogaire agus pearsanta faoi rún agus nach luafar aon duine leo;
- Go gcomhlíonfaidh an bailiú sonraí an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

Foinsí féideartha inmheánacha faisnéise agus sonraí:

- Aiseolas ó dhaoine a úsáideann seirbhísí/suirbhéanna ar chustaiméirí;
- Aiseolas ó shuirbhéanna fostaithe;
- Tuarascálacha Bliantúla;
- Sonraí inmheánacha faoi chomhdhéanamh na ndaoine a úsáideann na seirbhísí, na bhfostaithe agus iad siúd a mbíonn tionchar ag na feidhmeanna orthu faoi na naoi bhforas comhionannais;
- Ceisteanna a tháinig chun cinn mar gheall ar ghearáin ó dhaoine a úsáideann seirbhísí nó ó fhostaithe;
- Anailís chainníochtúil agus cháilíochtúil ar ghearáin inmheánacha agus sheachtracha;
- Ceisteanna a tháinig chun cinn i gcomhthéacs caidreamh tionsclaíoch nó dlíthíocht i gcoinne an chomhlachta.

### Dul chun cinn a chur in iúl ar bhealach inrochtana

Éilítear ar eagraíocht tuairisciú ar bhealach ina mbeidh teacht ag an bpobal air ar fhorbairtí agus éachtaí. Áirítear leis sin an fáth a gcaithfear aghaidh a thabhairt ar cheisteanna sonracha a leagan amach ina plean straitéiseach agus tuairisciú ina tuarascáil bhliantúil ar an gcaoi ar tugadh aghaidh ar cheisteanna, nó a mbeartaítear tabhairt fúthu, agus torthaí dá réir. D'fhéadfadh sé cabhrú le heagraíocht freisin cuimhneamh ar chuir chuige spriocdhírithe a úsáid chun dul chun cinn ar cheisteanna a chur in iúl, agus an gá atá le dul i bhfeidhm ar phobal ilghnéitheach san áireamh.

#### CUR CHUIGE BUNAITHE AR FHIANAISE: COMHAIRLIÚCHÁN

Tá comhairliúchán agus rannpháirtíocht tábhachtach ó thús deireadh an phróisis chun dualgas na hearnála poiblí a mheasúnú, aghaidh a thabhairt air, agus tuairisciú air. Cabhraíonn comhairliúchán leis an bhfoireann agus leo siúd a úsáideann na seirbhísí le measúnú bunaithe ar fhianaise ar chearta an duine agus comhionannas a fhorbairt; is féidir leis bonn eolais a chur freisin faoin gcaoi is éifeachtaí a bhféadfadh eagraíocht aghaidh a thabhairt ar a gníomhartha tosaíochta; agus is féidir leis a bheith ina chuid den mhonatóireacht leanúnach ar dhul chun cinn na ngníomhartha tosaíochta sin.

**Cén fáth a dteastaíonn comhairliúchán agus rannpháirtíocht?**

- Chun a chinntiú nach ndéantar talamh slán den leibhéal tionchair i dtéarmaí comhionannais agus chearta an duine;
- Chun a chinntiú go n-aithnítear taithí grúpaí ilghnéitheacha;
- Chun a chinneadh cén fáth a bhfuil grúpaí áirithe ag baint leas as seirbhís agus nach bhfuil grúpaí eile;
- Chun faisnéis a bhailiú nuair nach bhfuil sonraí ar fáil;
- Chun dearcthaí na foirne ar fud na heagraíochta a chloisteáil agus faisnéis ábhartha a fháil;
- Chun réitigh ar cheisteanna a sainaithníodh a fháil trí fhoghlaim go díreach uathu siúd a mbíonn tionchar ag beartas nó cleachtas orthu (foireann nó daoine a bhaineann leas as seirbhísí).

**Cé leis a ndéanfar comhairliúchán agus cé a bheidh rannpháirteach?**

- Daoine a úsáideann na seirbhísí;
- An fhoireann;
- Daoine ag a bhfuil taithí ar idirdhealú agus sáruithe ar chearta an duine agus a n-eagraíochtaí ionadaíochta.

**Cén chaoi a dtabharfar faoin gcomhairliúchán agus rannpháirtíocht?**

Tá sé tábhachtach go n-aithneofaí go bhféadfadh go mbeadh riachtanais dhifriúla nó cumas difriúil cumarsáide ag catagóirí difriúla páirtithe leasmhara. Bíonn impleachtaí aige sin ar phleanáil agus dearadh na bpróiseas comhairliúcháin.

**ÁIRÍTEAR LE PRÍOMHPHRIONSABAIL AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN:**

a. Rannpháirtíocht - cur chuige ionchuimsithe a spreagann éagsúlacht guthanna, de réir mar is cuí;

b. Modhanna spriocdhírithe agus iomchuí comhairliúcháin a chuireann an chaoi le dul i dteagmháil le pobail dhifriúla agus plé leo san áireamh;


c. Cur chuige trédhearcach, oscailte agus cuntasach a léiríonn an chaoi ar chuir an comhairliúchán bonn eolais faoin gceist, ag cur na hacmhainní atá ar fáil, éifeachtacht, comhleanúnachas agus sainordú an chomhlachta phoiblí, de réir mar is cuí, san áireamh;

d. Cumarsáid shoiléir agus bheacht ina dtugtar treoirlínte soiléire a thugann breac-chuntas ar chuspóirí agus amlíne an chomhairliúcháin;

e. Inrochtaine, lena n-áirítear tiomantas d'fhaisnéis a sholáthar faoin gcomhairliúchán, agus an comhairliúchán a fhógairt, ar bhealach a chuireann riachtanais daoine atá faoi mhíchumas, daoine a bhfuil deacrachtaí litearthachta agus daoine arb é an Béarla a ndara teanga, san áireamh.

f. Freastal réasúnta agus bearta idirdhealaithe dhearfaigh lena n-áirítear tiomantas don mhéid seo a leanas:
   - a chinntiú go bhfuil daoine atá faoi mhíchumas in ann an comhlacht poiblí a chur ar an eolas faoi thacaí sonracha a theastaíonn chun páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán;
   - freagairt d'iarratais ar fhreastal réasúnta do dhaoine atá faoi mhíchumas, de réir mar is cuí;
   - an gá atá le cuir chuige spriocdhírithe a shainaithint chun tacú le rannpháirtíocht grúpaí faoi mhíbhuntáiste nó chun freastal ar riachtanais catagóirí sonracha daoine sa phróiseas comhairliúcháin.

# Acmhainní Eile



# Acmhainní Eile

Tá roinnt acmhainní tábhachtacha ann a chabhróidh le comhlacht poiblí a oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine. Tugtar roinnt de na hacmhainní sin anseo thíos.

### Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine: taithí phraiticiúil na gcomhlachtaí poiblí

Thug Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas faoi shé threoirthionscadal don phróiseas a bhaineann leis an Dualgas a chur i bhfeidhm le comhlachtaí poiblí in earnálacha difriúla: dhá ghníomhaireacht rialtais, dhá údarás áitiúla agus foras ardoideachais. Tá taifead orthu sin mar chás-staidéir físeáin, agus tá siad ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, chomh maith le heolas faoin Dualgas do chomhlachtaí poiblí.

https://www.ihrec.ie/ga/our-work/public-sector-duty

### Níos mó ábhar léitheoireachta agus eolais faoi chearta an duine agus comhionannas

Your Employment Rights Explained: Guide to the Employment Equality Act

www.ihrec.ie/download/pdf/ihrec_employment_equality_rights_explained.pdf

Your Equal Status Rights Explained: Guide to Equal Status Act

www.ihrec.ie/app/uploads/download/pdf/ihrec_equal_status_rights_explained.pdf

Human Rights Explained: Guide to Human Rights Law

www.ihrec.ie/download/pdf/ihrec_human_rights_explained.pdf

### Breathnuithe Deiridh Chomhlachtaí Conartha na Náisiún Aontaithe ar Éirinn

Tá stór de na breathnuithe deiridh a rinne comhlachtaí monatóireachta conartha na Náisiún Aontaithe ar fáil ag an nasc a leanas:

UN Treaty Bodies' Concluding Observations on Ireland

tbinternet.ohchr.org/_layouts/treatybodyexternal/TBSearch.aspx?Lang=En&CountryID=83

### Treoirlínte Comhairliúcháin

Consultation Principles and Guidelines, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

www.per.gov.ie/en/consultation-guidelines/

Ask Me: Guidelines for Effective Consultation with People with Disabilities, an tÚdarás Náisiúnta Míchumais

http://nda.ie/Policy-and-research/Research/Research-Publications/-Ask-Me-Guidelines-for-Effective-Consultation-with-People-with-Disabilities.html

### Creataí bunaithe ar Luachanna Comhionannais agus Chearta an Duine

Creat luachanna comhionannais agus chearta an duine: Neamhspleáchas, Daonlathas, Dínit, Ionchuimsiú, Ceartas Sóisialach. D'fhorbair an Equality and Rights Alliance é seo chun tacú le comhionannas agus cearta an duine i gcomhthéacs Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine in Éirinn.

www.eracampaign.org/uploads/A%20New%20Public%20Sector%20Duty%20March%20 2015-1.pdf

Creat prionsabal PANEL: Rannpháirtíocht, Cuntasacht, Neamh-idirdhealú agus Comhionannas, Cumasú, agus Dlíthiúlacht. D'fhorbair Coimisiún na hAlban um Chearta an Duine an cur chuige seo chun tacú le cur chuige bunaithe ar chearta an duine a chur i bhfeidhm mar chuid dá acmhainn measúnaithe tionchair ar chomhionannas agus chearta an duine.

www.scottishhumanrights.com/media/1409/shrc_hrba_leaflet.pdf

Creat luachanna FREDA: Cothroime, Meas, Comhionannas, Dínit agus Neamhspleáchas: D'fhorbair earnáil sláinte na Ríochta Aontaithe an cur chuige seo chun tacú leis an NHS cur chuige bunaithe ar chearta an duine a úsáid chun dearadh agus soláthar seirbhíse a fheabhsú.

webarchive.nationalarchives.gov.uk/20130124044024/http://www.dh.gov.uk/prod_consum_dh/groups/dh_digitalassets/@dh/@en/documents/digitalasset/dh_088972.pdf

## Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2015 agus na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000–2015: achoimre ar fhorálacha

Tagraíonn reachtaíocht intíre chomhionannais go príomha do na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2015 agus na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000–2015.

Toirmeascann na h*Achtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2015* idirdhealú, ciapadh agus gnéaschiapadh i bhfostaíocht, lena n-áirítear gairmoiliúint agus taithí oibre.

- Is iad na naoi bhforas chosanta faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, míchumas, aois, cine, reiligiún, agus duine den Lucht Siúil.
- Faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta tá oibleagáid ar fhostóir bearta cuí a dhéanamh chun a chur ar chumas duine atá faoi mhíchumas: rochtain a fháil ar fhostaíocht; páirt a ghlacadh nó dul chun cinn a dhéanamh i bhfostaíocht; nó tabhairt faoi oiliúint mura mbeadh ualach díréireach ar an bhfostóir de bharr na mbeart. Is bearta éifeachtacha agus praiticiúla iad bearta cuí chun áit ghnó fostóra a oiriúnú, lena n-áirítear: áitreabh agus trealamh a oiriúnú; patrúin uaireanta oibre; leithdháileadh tascanna; nó soláthar oiliúna nó acmhainní comhtháthaithe.
- Faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta is féidir le fostóirí tabhairt faoi idirdhealú dearfach ag féachaint le comhionannas iomlán a chinntiú go praiticiúil idir na fostaithe ar na naoi bhforas chosanta.
- Foráiltear sna hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta do phá comhionann don chineál céanna oibre faoi na forais ar fad. Sainmhínítear an cineál céanna oibre nuair is í an obair chéanna atá i gceist, obair cosúil léi nó gurb ionann luach na hoibre.
- Toirmeascann na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta aon chineál fógraíochta a chuireann in iúl go mbeartaítear idirdhealú a dhéanamh, nó a bhféadfaí le réasún a thuiscint uaidh go bhfuil sin beartaithe.

Toirmeascann na h*Achtanna um Stádas Comhionann 2000–2015* idirdhealú, ciapadh agus gnéaschiapadh i rochtain ar earraí agus seirbhísí, cóiríocht agus oideachas agus ina n-úsáid.

- Is iad na naoi bhforas chosanta faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, míchumas, aois, cine, reiligiún agus duine den Lucht Siúil.
- Cosnaíonn na hAchtanna um Stádas Comhionann daoine freisin a fhaigheann forlíonadh cíosa, íocaíochtaí cúnamh tithíochta nó íocaíochtaí leasa shóisialaigh eile ar idirdhealú nuair atá siad ag fáil cóiríochta nó seirbhísí nó conláiste eile lena mbaineann.
- Ní féidir le daoine idirdhealú a dhéanamh nuair atá siad ag soláthar earraí agus seirbhísí don phobal (nó do chuid den phobal), bídís saor in aisce nó bíodh na hearraí agus seirbhísí á ndíol, ar cíos nó á malartú.
- Éilítear freastal réasúnta ar dhaoine atá faoi mhíchumas faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann. Ciallaíonn ‘freastal réasúnta’ cóir nó saoráidí speisialta a sholáthar chun a chinntiú gur féidir le daoine atá faoi mhíchumas leas a bhaint as earraí agus seirbhísí, fad is nach bhfuil níos mó ná costas ainmniúil orthu sin. Braithfidh an costas ainmniúil ar na cúinsí lena mbaineann, ar nós mhéid agus acmhainní an chomhlachta atá i gceist.

- Ligeann na hAchtanna um Stádas Comhionann do chóir fhabhrach nó d'idirdhealú dearfach a bhfuil d'aidhm leo, de mheon macánta, comhionannas deiseanna a chur chun cinn do dhaoine faoi mhíbhuntáiste faoi na forais; chun freastal ar riachtanais speisialta daoine nó catagóir daoine a dteastódh saoráidí, socruithe, seirbhísí nó cúnamh uathu mar gheall ar a gcúinsí pearsanta.
- Tá sé in aghaidh an dlí faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann fógraíocht a fhoilsiú nó a thaispeáint a léiríonn nach gcaithfí chomh fabhrach céanna le daoine nó grúpaí áirithe.

**16-22 Sráid na Faiche,**
**Baile Átha Cliath 7, D07 CR20**
16-22 Green Street,
Dublin 7, D07 CR20

**Guthán/Phone** + 353 (0) 1 858 9601
**Ríomhphost/Email** info@ihrec.ie
**Idirlíon/Web** www.ihrec.ie